# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

6 Márta 2020

An t-eagrán Gaeilge

## Reachtaíocht


Clár


II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN

★ **Rialachán cur chun feidhme (AE) 2020/370 ón gComhairle an 5 Márta 2020 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin** ........ 1

★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/371 ón gComhairle an 5 Márta 2020 lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 21(5) de Rialachán (AE) 2016/44 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia** ........ 5

CINNTÍ

★ **Cinneadh (AE) 2020/372 ón gComhairle an 27 Feabhra 2020 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, a mhéid a bhaineann le glacadh leasuithe ar Iarscríbhinní 1, 3, 4, 6, 10, 11, 13, 14, 15, 16 agus 18 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago ar an Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta** ........ 8

★ **Cinneadh (CBES) 2020/373 ón gComhairle an 5 Márta 2020 lena leasaítear Cinneadh 2014/119/CBES maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin** ........ 10

★ **Cinneadh Cur Chun Feidhme (CBES) 2020/374 ón gComhairle an 5 Márta 2020 lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia** ........ 14

**Ceartúchán**

★ **Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2019/1795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/501 agus (AE) 2019/50 a mhéid a bhaineann lena dtréimhsí cur i bhfeidhm** (IO L 279I, 31.10.2019) (IO L 000, 31.10.2019) ........ 17



GA

* Faoin tagairt L 71 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/370 ÓN GCOMHAIRLE

**an 5 Márta 2020**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 ón gComhairle an 5 Márta 2014 maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ar an 5 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 208/2014.

(2) Ar bhonn athbhreithniú a rinne an Chomhairle, ba cheart na hiontrálacha do bheirt a scriosadh agus ba cheart an fhaisnéis, in Iarscríbhinn I, a bhaineann leis na cearta chun cosanta agus leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil, a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Márta 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
T. ĆORIĆ

---

([1]) IO L 66, 6.3.2014, lch. 1.

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 208/2014 mar a leanas:

(1) i gcuid “A. Liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanach, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 2”, baintear iontrálacha na beirte seo a leanas den liosta:

11. Mykola Yanovych Azarov;

18. Edward Stavytskyi;

(2) roinn “B. Cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil”, cuirtear an méid seo thíos isteach ina ionad:

“B. Cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil

Cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil faoi Chód na hÚcráine um Nós Imeachta Coiriúil

Foráiltear le hAirteagal 42 de Chód na hÚcráine um Nós Imeachta Coiriúil (‘an Cód um Nós Imeachta Coiriúil’) go bhfuil cearta chun cosanta ag an uile dhuine atá faoi dhrochamhras nó a cúisíodh in imeachtaí coiriúla chomh maith leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Áirítear orthu sin: an ceart go n-inseofar do dhuine faoin gcion coiriúil a bhfuil drochamhras ina leith faoi nó a cuireadh ina leith; an ceart go n-inseofar, go sainráite agus gan mhoill, do dhuine faoi na cearta atá aige faoin gCód um Nós Imeachta Coiriúil; an ceart chun dlíodóir cosanta a fháil, nuair a iarrtar ar dtús é; an ceart chun achainíocha a thíolacadh le haghaidh caingne nós imeachta; agus an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne cinntí, gníomhartha agus neamhghníomhartha an imscrúdaitheora, an ionchúisitheora phoiblí agus an bhreithimh imscrúdaithe. Foráiltear le hAirteagal 306 den Chód um Nós Imeachta Coiriúil nach mór do bhreitheamh imscrúdaithe de chuid Cúirte áitiúla gearáin i gcoinne chinntí, ghníomhartha nó neamhghníomhartha an imscrúdaitheora nó an ionchúisitheora phoiblí a bhreithniú i láthair an ghearánaigh nó a dhlíodóra cosanta nó a ionadaí dlíthiúil. Foráiltear le hAirteagal 308 den Chód um Nós Imeachta Coiriúil go bhféadfar gearáin i gcoinne imscrúdaitheora nó ionchúisitheoir poiblí maidir le mainneachtain tréimhse réasúnach ama a urramú le linn an imscrúdaithe réamhthrialach, go bhféadfar iad a thaisceadh le hionchúisitheoir poiblí uachtarach agus nach mór iad a bhreithniú laistigh de 3 lá ón uair a thaisctear iad. Lena chois sin, sonraítear in Airteagal 309 den Chód um Nós Imeachta Coiriúil na cinntí ó bhreithiúna imscrúdaithe a bhféadfar agóid a dhéanamh ina gcoinne le hachomharc, agus sonraítear ann freisin go bhféadfadh cinntí eile a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach le linn imeachtaí ullmhúcháin sa Chúirt. Anuas air sin, ní féidir caingne áirithe imscrúdaitheacha nós imeachta a thabhairt ach amháin faoi réir rialú ón mbreitheamh imscrúdaithe nó ó Chúirt (e.g. maoin a urghabháil faoi Airteagail 167-175, agus bearta coinneála faoi Airteagail 176-178 den Chód um Nós Imeachta Coiriúil).

Cur i bhfeidhm na gceart chun cosanta agus an chirt chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil i gcás gach duine de na daoine a liostaítear

1. Viktor Fedorovych Yanukovych

Tá na himeachtaí coiriúla a bhaineann le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí ar bun fós.

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh, sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle, na cearta sin atá ag Viktor Fedorovych Yanukovych chun cosanta agus an ceart atá aige chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Léirítear sin go háirithe le litreacha dar dáta an 26 Meán Fómhair 2014 agus an 8 Deireadh Fómhair 2014 maidir leis an bhfógra i scríbhinn a cuireadh chuige faoi dhrochamhras a bheith ann faoi, le faisnéis gur ceadaíodh, an 27 Iúil 2015, imscrúdú speisialta réamhthrialach a dhéanamh *in absentia*, le cinntí éagsúla ón gCúirt a bhaineann le hurghabháil maoine agus ós rud é go raibh an deis ann achomharc a dhéanamh in éadan an chinnidh imeachtaí coiriúla an 27 Meán Fómhair 2017 a chur ar fionraí. Tá fianaise ar a taifead ag an gComhairle freisin gur deonaíodh an 30 Meán Fómhair 2019 tairiscint ón gcosaint, rún a deonaíodh le déanaí.

2. Vitalii Yuriyovych Zakharchenko

Tá na himeachtaí coiriúla a bhaineann le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí ar bun fós.

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh, sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle, na cearta sin atá ag Vitalii Yuriyovych Zakharchenko chun cosanta agus an ceart atá aige chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Léirítear sin go háirithe le cinntí an bhreithimh imscrúdaithe an 21 Bealtaine 2018 agus an 23 Samhain 2018 lena gceadaítear Vitalii Yuriyovych Zakharchenko a choinneáil d’fhonn é a thabhairt chun na Cúirte chun an achainí maidir le cur i bhfeidhm coinneála faoi choimeád a éisteacht. Ina theannta sin, bhí an deis ann achomharc a dhéanamh i leith chinneadh an 19 Feabhra 2019 an t-imscrúdú réamhthrialach a chur ar fionraí.

3. Viktor Pavlovych Pshonka

Tá na himeachtaí coiriúla a bhaineann le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí ar bun fós.

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh, sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle, na cearta sin atá ag Viktor Pavlovych Pshonka chun cosanta agus an ceart atá aige chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Léirítear sin go háirithe leis an bhfíric gur seachadadh fógra i scríbhinn an 22 Nollaig 2014 faoi dhrochamhras a bheith ann faoi, leis an bhfíric go raibh an deis ann achomharc a dhéanamh i leith chinneadh an 16 Meitheamh 2017 imeachtaí coiriúla a chur ar fionraí agus le cinntí an bhreithimh imscrúdaithe an 12 Márta 2018, an 13 Lúnasa 2018 agus an 5 Meán Fómhair 2019 lena gceadaítear Viktor Pavlovych Pshonka a choinneáil d'fhonn é a thabhairt chun na Cúirte chun an achainí maidir le cur i bhfeidhm coinneála faoi choimeád a éisteacht.

6. Viktor Ivanovych Ratushniak

Tá na himeachtaí coiriúla a bhaineann le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí ar bun fós.

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh, sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle, na cearta sin atá ag Viktor Ivanovych Ratushniak chun cosanta agus an ceart atá aige chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Léirítear sin go háirithe le cinntí an bhreithimh imscrúdaithe an 21 Bealtaine 2018 agus an 23 Samhain 2018 lena gceadaítear Viktor Ivanovych Ratushniak a choinneáil d'fhonn é a thabhairt chun na Cúirte chun an achainí maidir le cur i bhfeidhm coinneála faoi choimeád a éisteacht. Ina theannta sin, bhí an deis ann achomharc a dhéanamh i leith chinneadh an 19 Feabhra 2019 an t-imscrúdú réamhthrialach a chur ar fionraí.

7. Oleksandr Viktorovych Yanukovych

Tá na himeachtaí coiriúla a bhaineann le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí ar bun fós.

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh, sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle, na cearta sin atá ag Oleksandr Viktorovych Yanukovych chun cosanta agus an ceart atá aige chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Léirítear sin go háirithe le líon cinntí ón gCúirt a bhaineann le hurghabháil maoine agus le cinneadh an bhreithimh imscrúdaithe an 27 Meitheamh 2018 lena gcealaítear an rún ón ionchúiseamh trí dhiúltú do thairiscint na cosanta clabhsúr a chur ar an imscrúdú.

9. Artem Viktorovych Pshonka

Tá na himeachtaí coiriúla a bhaineann le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí ar bun fós.

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh, sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle, na cearta sin atá ag Artem Viktorovych Pshonka chun cosanta agus an ceart atá aige chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Léirítear sin go háirithe toisc gur seachadadh fógra i scríbhinn an 29 Nollaig 2014 faoi dhrochamhras a bheith ann faoi, toisc go raibh an deis ann achomharc a dhéanamh i leith chinneadh an 16 Meitheamh 2017 imeachtaí coiriúla a chur ar fionraí agus le cinntí an bhreithimh imscrúdaithe an 12 Márta 2018, an 13 Lúnasa 2018 agus an 5 Meán Fómhair 2019 lena gceadaítear Artem Viktorovych Pshonka a choinneáil d'fhonn é a thabhairt chun na Cúirte chun an achainí maidir le cur i bhfeidhm coinneála faoi choimeád a éisteacht.

12. Serhiy Vitalyovych Kurchenko

Tá na himeachtaí coiriúla a bhaineann le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí ar bun fós.

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh, sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle, na cearta sin atá ag Serhiy Vitalyovych Kurchenko chun cosanta agus an ceart atá aige chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Léirítear sin go háirithe le cinneadh an bhreithimh imscrúdaithe an 7 Márta 2018 lena gceadaítear imscrúdú speisialta a dhéanamh *in absentia*. Ina theannta sin, tugadh fógra don chosaint gur tugadh chun críche an t-imscrúdú réamhthrialach an 28 Márta 2019 agus tugadh rochtain ar na hábhair dóibh chun taithíochta.

13. Dmytro Volodymyrovych Tabachnyk

Tá na himeachtaí coiriúla a bhaineann le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí ar bun fós.

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh, sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle, na cearta sin atá ag Dmytro Volodymyrovych Tabachnyk chun cosanta agus an ceart atá aige chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Léirítear sin go háirithe le cinneadh an bhreithimh imscrúdaithe an 8 Bealtaine 2018 lena gceadaítear Dmytro Volodymyrovych Tabachnyk a choinneáil d'fhonn é a thabhairt chun na Cúirte chun an achainí maidir le cur i bhfeidhm coinneála faoi choimeád a éisteacht.

15. Serhiy Hennadiyovych Arbuzov

Tá na himeachtaí coiriúla a bhaineann le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí ar bun fós.

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh, sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle, na cearta sin atá ag Serhiy Hennadiyovych Arbuzov chun cosanta agus an ceart atá aige chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Léirítear sin go háirithe le litir dar dáta an 24 Aibreán 2017 maidir leis an bhfógra i scríbhinn a cuireadh chuige faoi dhrochamhras a bheith ann faoi, le cinntí an bhreithimh imscrúdaithe an 19 Nollaig 2018, an 18 Márta 2019 agus an 29 Iúil 2019 lena ndeonaítear tairiscint na cosanta i gcoinne neamhghníomh Oifig an Ionchúisitheora, le cinneadh an bhreithimh imscrúdaithe an 10 Lúnasa 2017 lena gceadaítear imscrúdú speisialta a dhéanamh *in absentia* agus le cinntí an bhreithimh imscrúdaithe an 4 Samhain 2019 agus an 5 Samhain 2019 lena ndiúltaítear tairiscintí na cosanta spriocdháta a shocrú i dtaobh an t-imscrúdú réamhthrialach a thabhairt chun críche.

17. Oleksandr Viktorovych Klymenko

Tá na himeachtaí coiriúla a bhaineann le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí ar bun fós.

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh, sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle, na cearta sin atá ag Oleksandr Viktorovych Klymenko chun cosanta agus an ceart atá aige chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Léirítear sin go háirithe le cinntí an bhreithimh imscrúdaithe an 1 Márta 2017 agus an 5 Deireadh Fómhair 2018 lena gceadaítear imscrúdú speisialta a dhéanamh *in absentia*, le cinntí an bhreithimh imscrúdaithe an 8 Feabhra 2017 agus an 19 Lúnasa 2019 lena ndeonaítear beart coisctheach i bhfoirm coinneála faoi choimeád agus leis an bhfíric go bhfuil próiseas taithíochta ar ábhar na n-imeachtaí coiriúla fós ar bun ag an gcosaint.".

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2020/371 ÓN GCOMHAIRLE

**an 5 Márta 2020**

**lena gcuirtear chun feidhme Airteagal 21(5) de Rialachán (AE) 2016/44 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/44 ón gComhairle an 18 Eanáir 2016 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 204/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 21(5) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ar an 18 Eanáir 2016, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) 2016/44.

(2) Ar an 25 Feabhra 2020, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, an fhaisnéis a nuashonrú maidir le cúigear atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear leis seo Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Márta 2020.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

T. ĆORIĆ

([1]) IO L 12, 19.1.2016, lch 1.

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2016/44, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 6, 9, 23, 25 agus 27:

'6. **Ainm: 1: ABU 2: ZAYD 3: UMAR 4: DORDA**

**Teideal:** níl sé ar fáil **Ainmniú: a)** Stiúrthóir, an Eagraíocht Slándála Seachtraí. **b)** Ceann na gníomhaireachta um fhaisnéis sheachtrach. **Dáta Breithe:** 4 Aibreán 1944 **Áit bhreithe:** Alrhaybat **Ainm bréige láidir:** Dorda Abuzed OE **Ainm bréige lag:** níl sé ar fáil **Náisiúntacht: Uimhir an phas:** Uimhir na Libia FK117RK0, a eisíodh an 25 Samhain 2018, eisithe i dTripilí (Dáta éaga: 24 Samhain 2026) **Uimhir aitheantais náisiúnta:** níl sé ar fáil **Seoladh:** An Libia (Stádas/suíomh measta: ina chónaí san Éigipt) **A liostaíodh an:** 26 Feabhra 2011 (a leasaíodh an 27 Meitheamh 2014, 1 Aibreán 2016, 25 Feabhra 2020) **Faisnéis eile:** Liostaithe de bhun mhír 15 de rún 1970 (Toirmeasc Taistil). A liostaíodh an 17 Márta 2011 de bhun mhír 17 de rún 1970 (Reo Sócmhainní). Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/notice/search/un/5938451'

'9. **Ainm: 1: AISHA 2: MUAMMAR MUHAMMED 3: ABU MINYAR 4: QADHAFI**

**Teideal:** níl sé ar fáil **Ainmniú:**níl sé ar fáil **Dáta Breithe:** 1 Eanáir 1978 **Áit bhreithe:** Tripilí, an Libia **Ainm bréige láidir:** Aisha Muhammed Abdul Salam (Uimhir an phas sa Libia: 215215) **Ainm bréige lag:** níl sé ar fáil **Náisiúntacht:** níl sé ar fáil **Uimhir an phas: a)** Uimhir phas Óman 03824970; a eisíodh an 4 Bealtaine 2014, eisithe in Muscat, Óman (Dáta éaga: 3 Bealtaine 2024) **b)** An Libia 428720 **c)** B/011641 **Uimhir aitheantais náisiúnta:** 98606612 **Seoladh:** Sabhdánacht Óman (Stádas/suíomh measta: Sabhdánacht Óman) **A liostaíodh an:** 26 Feabhra 2011 (a leasaíodh an 11 Samhain 2016, 26 Meán Fómhair 2014, 21 Márta 2013, 2 Aibreán 2012, 25 Feabhra 2020) **Faisnéis eile:** Liostaithe de bhun mhíreanna 15 agus 17 de rún 1970 (Toirmeasc Taistil, Reo Sócmhainní). Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/notice/search/un/5525815'

'23. **Ainm: 1: AHMAD 2: OUMAR 3: IMHAMAD 4: AL-FITOURI**

**Teideal:** níl sé ar fáil **Ainmniú:** Ceannasaí mhílíste Anas al-Dabbashi, Ceannaire líonra gáinneála trasnáisiúnta **Dáta breithe:** 7 Bealtaine 1988 **Áit bhreithe:** (b'fhéidir Sabratha, comharsanacht Talil ) **Ainm bréige láidir:** níl sé ar fáil **Ainm bréige lag: a)**Al-Dabachi **b)** Al Ammu **c)** An tUncail **d)** Al-Ahwal **e)** Al Dabbashi **Náisiúntacht: Uimhir an phas** sa Libia: Uimhir na Libia LY53FP76; a eisíodh an 29 Meán Fómhair 2015; eisithe i dTripilí **Uimh.aitheantais náisiúnta:** 119880387067 **Seoladh: a)** Garabulli, an Libia **b)** Zawiya, an Libia **c)** Dbabsha-Sabratah **A liostaíodh an:** 7 Meitheamh 2018 (a leasaíodh an 17 Meán Fómhair 2018, 25 Feabhra 2020) **Faisnéis eile:** Liostaithe de bhun mhíreanna 15 agus 17 de rún 1970 (Toirmeasc Taistil, Reo Sócmhainní)

Liostaithe de bhun mhír 22(a) de rún 1970 (2011); mhír 4 (a) de rún 2174 (2014); mhír 11 (a) de rún 2213 (2015). Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/notice/search/un/

Faisnéis bhreise

Is ceannasaí mhílíste Anas al-Dabbashi é Ahmad Imamad, a bhíodh ag feidhmiú sa limistéar cósta idir Sabratha agus Melita. Is ceannaire suntasach é Imhamad i ngníomhaíochtaí aindleathacha a bhaineann le gáinneáil ar imircigh. Cothaíonn treibh agus mílíste al-Dabbashi caidreamh freisin le grúpaí sceimhlitheoireachta agus grúpaí antoisceacha foréigneacha. Tá Imhamad gníomhach timpeall ar Zawiya faoi láthair, tar éis caismirtí foréigneacha a briseadh amach le mílístí eile agus le heagraíochtaí smuigleála comhraice mórthimpeall an limistéir cósta i mí Dheireadh Fómhair 2017, rud a d'fhág go bhfuair níos mó ná 30 duine bás, sibhialtaigh ina measc. Mar fhreagairt ar a dhíbirt, gheall Ahmad Imhamad an 4 Nollaig 2017 go poiblí go bhfillfeadh sé ar Sabratha le hairm agus le fórsa. Tá fianaise fhairsing ann go raibh baint dhíreach ag mílíste Imhamad leis an ngáinneáil aindleathach agus smuigleáil imirceach, agus go bhfuil rialú á dhéanamh ag a mhílíste ar limistéir imeachta d'imircigh, ar champaí, ar thithe sábháilte agus ar bháid. Tá faisnéis ann a thacaíonn leis an gconclúid gur Imhamad is cúis le himircigh a bheith i mbaol (mionaoisigh san áireamh) dhálaí brúidiúla agus uaireanta i mbaol chúinsí marfacha ar an talamh agus ar muir. Tar éis caismirtí foréigneacha idir mílíste Imhamad agus mílístí eile i Sabratha, thángthas ar na mílte imirceach (go leor acu go mór i mbaol), a bhformhór á gcoinneáil in ionaid Bhriogáid Mhairtírigh Anas al-Dabbashi agus mhílíste al-Ghul. Tá naisc sheanbhunaithe ag treibh al-Dabbashi, agus ag mílíste Anas al-Dabbashi a bhfuil baint aige léi, leis an Stát Ioslamach i Levante (ISIL) agus lena chleamhnaithe.

Tá roinnt oibrithe ISIL tar éis a bheith ina ngrúpaí, lena n-áirítear Abdallah al-Dabbashi, 'calif' ISIL Sabratha. Líomhnaíodh go raibh baint ag Imhamad freisin le heagrú dhúnmharú Sami Khalifa al-Gharabli, a cheap comhairle bhardasach Sabratha chun oibríochtaí smuigleála imirceach a chomhrac i mí Iúil 2017. Cuireann gníomhaíochtaí Imhamad go mór leis an bhforéigean atá ag dul i méid agus leis an míshlándáil in iarthar na Libia agus cuireann siad síocháin agus cobhsaíocht sa Libia agus i dtíortha comharsanachta i mbaol.'

‘25. **Ainm: 1: MOHAMMED 2: AL AMIN 3: AL-ARABI 4: KASHLAF**

**Teideal:** níl sé ar fáil **Ainmniú:** Ceannasaí ar bhriogáid Shuhada al-Nasr, Ceann Gharda Scaglainne Pheitreal Scaglann Zawiya **Dáta breithe:** 2 Nollaig 1985 **Áit bhreithe:** Zawiya, an Libia **Ainm bréige láidir:** níl sé ar fáil **Ainm bréige lag: a)** Kashlaf **b)** Koshlaf **c)** Keslaf **d)** al-Qasab **Náisiúntacht: Uimhir an phas** sa Libia: C17HLRL3, a eisíodh an 30 Nollaig 2015, eisithe in Zawiya **Uimh. aitheantais náisiúnta:** níl sé ar fáil **Seoladh:** Zawiya, an Libia **A liostaíodh an:** 7 Meitheamh 2018 (a leasaíodh an 17 Meán Fómhair 2018, 25 Feabhra 2020) **Faisnéis eile:** Liostaithe de bhun mhíreanna 15 agus 17 de rún 1970 (Toirmeasc Taistil, Reo Sócmhainní)

Liostaithe de bhun mhír 22(a) de rún 1970 (2011); mhír 4 (a) de rún 2174 (2014); mhír 11 (a) de rún 2213 (2015).

Faisnéis bhreise

Tá Mohammed al-Hadi ina cheannaire ar an mbriogáid Shuhada al Nasr in Zawiya na Libia Thiar. Rialaíonn a mhílíste scaglann Zawiya, mol lárnach d’oibríochtaí smuigleála imirceach. Rialaíonn Al-Hadi ionaid choinneála freisin, lena n-áirítear ionad coinneála Nasr – atá faoi rialú go hainmniúil ag an stiúrthóireacht chun dul i ngleic leis an imirce neamhdhleathach (DCIM). Mar a taifeadadh i bhfoinsí éagsúla, tá líonra al-Hadi ar cheann de na líonraí is mó atá ann i réimse na smuigleála imirceach agus i réimse shaothrú na n-imirceach sa Libia. Tá naisc fhairsinge ag Al-Hadi le ceann an aonaid áitiúil de gharda cósta Zawiya, al-Rahman al-Milad, a ndéanann a aonad báid a idircheapadh le himircigh, ar báid iad a mbaineann le líonraí comhraice smuigleála imirceach eile go minic. Tugtar na himircigh chuig saoráidí coinneála ansin faoi smacht an mhílíste Al Nasr, áit a dtuairiscítear iad i ndálaí criticiúla. Bhailigh an Painéal Saineolaithe maidir leis an Libia fianaise ar imircigh a bualadh go minic, agus díoladh daoine eile, go háirithe mná ó thíortha fo-Shaháracha agus ó Mharacó, ar an margadh áitiúil mar ‘sclábhaithe gnéis’. Feictear don Phainéal freisin go gcomhoibríonn al-Hadi le grúpaí armtha eile agus go raibh baint aige le caismirtí foréigneacha arís agus arís eile in 2016 agus in 2017.’

‘27. **Ainm: 1: IBRAHIM 2: SAEED 3: SALIM 4: JADHRAN**

**Teideal:** níl sé ar fáil **Ainmniú:** Ceannaire mhílístí armtha **Dáta breithe:** 29 Deireadh Fómhair 1982 **Áit bhreithe:** níl sé ar fáil **Ainm bréige láidir:** Ibrahim Saeed Salem Awad Aissa Hamed Dawoud Al Jadhran **Ainm bréige lag:** níl sé ar fáil **Náisiúntacht: Uimhir an phas** sa Libia: S/263963; a eisíodh an 8 Samhain 2012 **Uimh.aitheantais náisiúnta: a)** 119820043341 **b)** Uimh. aitheantais phearsanta: 137803 **Seoladh:** níl sé ar fáil **A liostaíodh an:** 11 Meán Fómhair 2018 (a leasaíodh an 25 Feabhra 2020) **Faisnéis eile:** Ainm na máthar Salma Abdula Younis. Liostaithe de bhun mhíreanna 15 agus 17 de rún 1970 (Toirmeasc Taistil, Reo Sócmhainní). Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: www.interpol.int/en/notice/search/un/xxxx.

Liostaithe de bhun mhíreanna 11 (b), 11 (c) agus 11 (d) de rún 2213 (2015); mhír 11 de rún 2362 (2017).

Faisnéis bhreise

— Tá barántas gabhála eisithe ag Oifig Ard-Aighne na Libia i gcoinne an duine lena mbaineann á chur ina leith go ndearna sé roinnt coireanna.

— Rinne an duine lena mbaineann gníomhaíochtaí armtha agus ionsaithe i gcoinne suiteálacha ola atá suite i réigiún Chorrán na hOla, a ba chúis lena scrios, a raibh an ceann is déanaí acu an 14 Meitheamh 2018.

— Bhí líon na ngortuithe an-ard i measc áitritheoirí an réigiúin de bharr na n-ionsaithe a rinneadh ar réigiún Chorrán na hOla agus cuireadh beatha na sibhialtach i mbaol.

— Chuir na hionsaithe stad treallach le honnmhairithe ola na Libia ó 2013 go 2018, rud a d’fhág go raibh caillteanais shuntasacha ann do gheilleagar na Libia.

— Rinne an duine lena mbaineann iarracht ola a onnmhairiú go neamhdhleathach.

— Earcaíonn an duine lena mbaineann trodaithe eachtracha do na hionsaithe a rinne sé arís agus arís eile in aghaidh réigiún Chorrán na hOla.

— Tá an duine lena mbaineann, trína ghníomhaíochtaí, ag obair i gcoinne chobhsaíocht na Libia, agus is bac é ar pháirtithe na Libia chun an ghéarchéim pholaitiúil a réiteach agus Plean Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme.’

# CINNTÍ

## CINNEADH (AE) 2020/372 ÓN GCOMHAIRLE

**an 27 Feabhra 2020**

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gComhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta, a mhéid a bhaineann le glacadh leasuithe ar Iarscríbhinní 1, 3, 4, 6, 10, 11, 13, 14, 15, 16 agus 18 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago ar an Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 100(2) de i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tháinig an Coinbhinsiún ar Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta ("Coinbhinsiún Chicago"), lena rialaítear aeriompar idirnáisiúnta, i bhfeidhm an 4 Aibreán 1947. Is leis a bunaíodh an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO).

(2) Is páirtithe conarthacha i gCoinbhinsiún Chicago iad Ballstáit an Aontais agus is comhaltaí de ICAO iad, agus tá stádas breathnóra ag an Aontas Eorpach i gcomhlachtaí áirithe de chuid ICAO.

(3) De bhun Airteagal 54 de Choinbhinsiún Chicago, tá Comhairle ICAO chun caighdeáin idirnáisiúnta agus cleachtais mholta a ghlacadh.

(4) Tá Comhairle ICAO, le linn a 219ú seisiún ag tosú an 2 Márta 2020, le roinnt leasuithe ar Iarscríbhinní 1, 3, 4, 6, 10, 11, 13, 14, 15, 16 agus 18 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago ("na leasuithe") a ghlacadh, sna réimsí a bhaineann le sábháilteacht, timpeallacht agus aerloingseoireacht.

(5) A luaithe a ghlacfar iad, beidh na leasuithe ina gceangal ar Bhallstáit uile ICAO, lena n-áirítear Ballstáit uile an Aontais, i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar amach i gCoinbhinsiún Chicago, agus laistigh de na teorainneacha sin, agus beidh siad in ann tionchar cinntitheach a imirt ar inneachar dhlí an Aontais.

(6) Is iomchuí, dá bhrí sin, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle ICAO i dtaca leis na leasuithe a bhunú.

(7) Ba cheart raon feidhme an Chinnidh seo a theorannú chuig inneachar na leasuithe, a mhéid a thig an t-inneachar sin faoi réimse a chumhdaítear cuid mhór le comhrialacha de chuid AE cheana. Níor cheart difear a dhéanamh leis an gCinneadh seo do dháileadh na n-inniúlachtaí idir na tAontas agus na Ballstáit i réimse na heitlíochta.

(8) Ba cheart seasamh an Aontais i gComhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta tacú leis na beartais a chuirtear in iúl sna leasuithe, ós rud é go gcuireann siad le caighdeáin sábháilteachta eitlíochta agus caighdeáin timpeallachta a fheabhsú.

(9) Ba cheart Ballstáit an Aontais atá ina gcomhaltaí de Chomhairle ICAO, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach, seasamh an Aontais a chur in iúl,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Déanfaidh Ballstáit an Aontais ar comhaltaí iad de Chomhairle ICAO, ag gníomhú go comhpháirteach dóibh, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais i gComhairle na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta sa 219ú seisiún i dtaca le glacadh na leasuithe ar Iarscríbhinní 1, 3, 4, 6, 10, 11, 13, 14, 15, 16 agus 18 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago a chur in iúl ([1]).

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 27 Feabhra 2020.

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

D.HORVAT

([1]) Féach doiciméad ST 6180/20 ar http://register.consilium.europa.eu.

# CINNEADH (CBES) 2020/373 ÓN GCOMHAIRLE

## an 5 Márta 2020

## lena leasaítear Cinneadh 2014/119/CBES maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 5 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/119/CBES ([1]).

(2) Ar bhonn athbhreithniú ar Chinneadh 2014/119/CBES, ba cheart síneadh a chur, go dtí an 6 Márta 2021, le cur i bhfeidhm na mbeart sriantach atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe, ba cheart na hiontrálacha do bheirt a scriosadh agus ba cheart an fhaisnéis, atá san Iarscríbhinn, a bhaineann leis na cearta chun cosanta agus leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil, a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/119/CBES a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Cinneadh 2014/119/CBES mar a leanas:

(1) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

"Beidh feidhm ag an gCinneadh seo go dtí an 6 Márta 2021.";

(2) leasaítear an Iarscríbhinn mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 5 Márta 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
T. ĆORIĆ

---

([1]) Cinneadh 2014/119/CBES an 5 Márta 2014 maidir le bearta sriantacha atá dírithe ar dhaoine, ar eintitis agus ar chomhlachtaí áirithe i bhfianaise na staide san Úcráin (IO L 66, 6.3.2014, lch. 26).

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/119/CBES mar a leanas:

(1) faoin gceannteideal "A. Liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá dtagraítear in Airteagal 1", scriostar na hiontrálacha do na daoine seo a leanas:

11. Mykola Yanovych Azarov;

18. Edward Stavytskyi;

(2) roinn "B. Cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil", cuirtear an méid seo thíos isteach ina ionad:

"B. Cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil

Cearta chun cosanta agus an ceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil faoi Chód na hÚcráine um Nós Imeachta Coiriúil

Foráiltear le hAirteagal 42 de Chód na hÚcráine um Nós Imeachta Coiriúil ('an Cód um Nós Imeachta Coiriúil') go bhfuil cearta chun cosanta ag an uile dhuine atá faoi dhrochamhras nó a cúisíodh in imeachtaí coiriúla chomh maith leis an gceart chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Áirítear orthu sin: an ceart go n-inseofar do dhuine faoin gcion coiriúil a bhfuil drochamhras ina leith faoi nó a cuireadh ina leith; an ceart go n-inseofar, go sainráite agus gan mhoill, do dhuine faoi na cearta atá aige faoin gCód um Nós Imeachta Coiriúil; an ceart chun dlíodóir cosanta a fháil, nuair a iarrtar ar dtús é; an ceart chun achainíocha a thíolacadh le haghaidh caingne nós imeachta; agus an ceart chun agóid a dhéanamh i gcoinne cinntí, gníomhartha agus neamhghníomhartha an imscrúdaitheora, an ionchúisitheora phoiblí agus an bhreithimh imscrúdaithe. Foráiltear le hAirteagal 306 den Chód um Nós Imeachta Coiriúil nach mór do bhreitheamh imscrúdaithe de chuid Cúirte áitiúla gearáin i gcoinne chinntí, ghníomhartha nó neamhghníomhartha an imscrúdaitheora nó an ionchúisitheora phoiblí a bhreithniú i láthair an ghearánaigh nó a dhlíodóra cosanta nó a ionadaí dlíthiúil. Foráiltear le hAirteagal 308 den Chód um Nós Imeachta Coiriúil go bhféadfar gearáin i gcoinne imscrúdaitheora nó ionchúisitheoir poiblí maidir le mainneachtain tréimhse réasúnach ama a urramú le linn an imscrúdaithe réamhthrialach, go bhféadfar iad a thaisceadh le hionchúisitheoir poiblí uachtarach agus nach mór iad a bhreithniú laistigh de 3 lá ón uair a thaisctear iad. Lena chois sin, sonraítear in Airteagal 309 den Chód um Nós Imeachta Coiriúil na cinntí ó bhreithiúna imscrúdaithe a bhféadfar agóid a dhéanamh ina gcoinne le hachomharc, agus sonraítear ann freisin go bhféadfadh cinntí eile a bheith faoi réir athbhreithniú breithiúnach le linn imeachtaí ullmhúcháin sa Chúirt. Anuas air sin, ní féidir caingne áirithe imscrúdaitheacha nós imeachta a thabhairt ach amháin faoi réir rialú ón mbreitheamh imscrúdaithe nó ó Chúirt (e.g. maoin a urghabháil faoi Airteagail 167-175, agus bearta coinneála faoi Airteagail 176-178 den Chód um Nós Imeachta Coiriúil).

Cur i bhfeidhm na gceart chun cosanta agus an chirt chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil i gcás gach duine de na daoine a liostaítear

1. Viktor Fedorovych Yanukovych

Tá na himeachtaí coiriúla a bhaineann le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí ar bun fós.

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh, sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle, na cearta sin atá ag Viktor Fedorovych Yanukovych chun cosanta agus an ceart atá aige chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Léirítear sin go háirithe le litreacha dar dáta an 26 Meán Fómhair 2014 agus an 8 Deireadh Fómhair 2014 maidir leis an bhfógra i scríbhinn a cuireadh chuige faoi dhrochamhras a bheith ann faoi, le faisnéis gur ceadaíodh, an 27 Iúil 2015, imscrúdú speisialta réamhthrialach a dhéanamh *in absentia*, le cinntí éagsúla ón gCúirt a bhaineann le hurghabháil maoine agus ós rud é go raibh an deis ann achomharc a dhéanamh in éadan an chinnidh imeachtaí coiriúla an 27 Meán Fómhair 2017 a chur ar fionraí. Tá fianaise ar a taifead ag an gComhairle freisin gur deonaíodh an 30 Meán Fómhair 2019 tairiscint ón gcosaint, rún a deonaíodh le déanaí.

2. Vitalii Yuriyovych Zakharchenko

Tá na himeachtaí coiriúla a bhaineann le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí ar bun fós.

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh, sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle, na cearta sin atá ag Vitalii Yuriyovych Zakharchenko chun cosanta agus an ceart atá aige chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Léirítear sin go háirithe le cinntí an bhreithimh imscrúdaithe an 21 Bealtaine 2018 agus an 23 Samhain 2018 lena gceadaítear Vitalii Yuriyovych Zakharchenko a choinneáil d'fhonn é a thabhairt chun na Cúirte chun an achainí maidir le cur i bhfeidhm coinneála faoi choimeád a éisteacht. Ina theannta sin, bhí an deis ann achomharc a dhéanamh i leith chinneadh an 19 Feabhra 2019 an t-imscrúdú réamhthrialach a chur ar fionraí.

3. Viktor Pavlovych Pshonka

Tá na himeachtaí coiriúla a bhaineann le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí ar bun fós.

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh, sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle, na cearta sin atá ag Viktor Pavlovych Pshonka chun cosanta agus an ceart atá aige chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Léirítear sin go háirithe leis an bhfíric gur seachadadh fógra i scríbhinn an 22 Nollaig 2014 faoi dhrochamhras a bheith ann faoi, leis an bhfíric go raibh an deis ann achomharc a dhéanamh i leith chinneadh an 16 Meitheamh 2017 imeachtaí coiriúla a chur ar fionraí agus le cinntí an bhreithimh imscrúdaithe an 12 Márta 2018, an 13 Lúnasa 2018 agus an 5 Meán Fómhair 2019 lena gceadaítear Viktor Pavlovych Pshonka a choinneáil d'fhonn é a thabhairt chun na Cúirte chun an achainí maidir le cur i bhfeidhm coinneála faoi choimeád a éisteacht.

6. Viktor Ivanovych Ratushniak

Tá na himeachtaí coiriúla a bhaineann le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí ar bun fós.

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh, sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle, na cearta sin atá ag Viktor Ivanovych Ratushniak chun cosanta agus an ceart atá aige chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Léirítear sin go háirithe le cinntí an bhreithimh imscrúdaithe an 21 Bealtaine 2018 agus an 23 Samhain 2018 lena gceadaítear Viktor Ivanovych Ratushniak a choinneáil d'fhonn é a thabhairt chun na Cúirte chun an achainí maidir le cur i bhfeidhm coinneála faoi choimeád a éisteacht. Ina theannta sin, bhí an deis ann achomharc a dhéanamh i leith chinneadh an 19 Feabhra 2019 an t-imscrúdú réamhthrialach a chur ar fionraí.

7. Oleksandr Viktorovych Yanukovych

Tá na himeachtaí coiriúla a bhaineann le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí ar bun fós.

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh, sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle, na cearta sin atá ag Oleksandr Viktorovych Yanukovych chun cosanta agus an ceart atá aige chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Léirítear sin go háirithe le líon cinntí ón gCúirt a bhaineann le hurghabháil maoine agus le cinneadh an bhreithimh imscrúdaithe an 27 Meitheamh 2018 lena gcealaítear an rún ón ionchúiseamh trí dhiúltú do thairiscint na cosanta clabhsúr a chur ar an imscrúdú.

9. Artem Viktorovych Pshonka

Tá na himeachtaí coiriúla a bhaineann le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí ar bun fós.

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh, sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle, na cearta sin atá ag Artem Viktorovych Pshonka chun cosanta agus an ceart atá aige chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Léirítear sin go háirithe toisc gur seachadadh fógra i scríbhinn an 29 Nollaig 2014 faoi dhrochamhras a bheith ann faoi, toisc go raibh an deis ann achomharc a dhéanamh i leith chinneadh an 16 Meitheamh 2017 imeachtaí coiriúla a chur ar fionraí agus le cinntí an bhreithimh imscrúdaithe an 12 Márta 2018, an 13 Lúnasa 2018 agus an 5 Meán Fómhair 2019 lena gceadaítear Artem Viktorovych Pshonka a choinneáil d'fhonn é a thabhairt chun na Cúirte chun an achainí maidir le cur i bhfeidhm coinneála faoi choimeád a éisteacht.

12. Serhiy Vitalyovych Kurchenko

Tá na himeachtaí coiriúla a bhaineann le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí ar bun fós.

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh, sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle, na cearta sin atá ag Serhiy Vitalyovych Kurchenko chun cosanta agus an ceart atá aige chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Léirítear sin go háirithe le cinneadh an bhreithimh imscrúdaithe an 7 Márta 2018 lena gceadaítear imscrúdú speisialta a dhéanamh *in absentia*. Ina theannta sin, tugadh fógra don chosaint gur tugadh chun críche an t-imscrúdú réamhthrialach an 28 Márta 2019 agus tugadh rochtain ar na hábhair dóibh chun taithíochta.

13. Dmytro Volodymyrovych Tabachnyk

Tá na himeachtaí coiriúla a bhaineann le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí ar bun fós.

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh, sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle, na cearta sin atá ag Dmytro Volodymyrovych Tabachnyk chun cosanta agus an ceart atá aige chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Léirítear sin go háirithe le cinneadh an bhreithimh imscrúdaithe an 8 Bealtaine 2018 lena gceadaítear Dmytro Volodymyrovych Tabachnyk a choinneáil d'fhonn é a thabhairt chun na Cúirte chun an achainí maidir le cur i bhfeidhm coinneála faoi choimeád a éisteacht.

15. Serhiy Hennadiyovych Arbuzov

Tá na himeachtaí coiriúla a bhaineann le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí ar bun fós.

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh, sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle, na cearta sin atá ag Serhiy Hennadiyovych Arbuzov chun cosanta agus an ceart atá aige chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Léirítear sin go háirithe le litir dar dáta an 24 Aibreán 2017 maidir leis an bhfógra i scríbhinn a cuireadh chuige faoi dhrochamhras a bheith ann faoi, le cinntí an bhreithimh imscrúdaithe an 19 Nollaig 2018, an 18 Márta 2019 agus an 29 Iúil 2019 lena ndeonaítear tairiscint na cosanta i gcoinne neamhghníomh Oifig an Ionchúisitheora, le cinneadh an bhreithimh imscrúdaithe an 10 Lúnasa 2017 lena gceadaítear imscrúdú speisialta a dhéanamh *in absentia* agus le cinntí an bhreithimh imscrúdaithe an 4 Samhain 2019 agus an 5 Samhain 2019 lena ndiúltaítear tairiscintí na cosanta spriocdháta a shocrú i dtaobh an t-imscrúdú réamhthrialach a thabhairt chun críche.

17. Oleksandr Viktorovych Klymenko

Tá na himeachtaí coiriúla a bhaineann le míleithreasú cistí poiblí nó sócmhainní poiblí ar bun fós.

Léiríonn an fhaisnéis i gcomhad na Comhairle gur urramaíodh, sna himeachtaí coiriúla ar ar bhraith an Chomhairle, na cearta sin atá ag Oleksandr Viktorovych Klymenko chun cosanta agus an ceart atá aige chun cosaint bhreithiúnach éifeachtach a fháil. Léirítear sin go háirithe le cinntí an bhreithimh imscrúdaithe an 1 Márta 2017 agus an 5 Deireadh Fómhair 2018 lena gceadaítear imscrúdú speisialta a dhéanamh *in absentia*, le cinntí an bhreithimh imscrúdaithe an 8 Feabhra 2017 agus an 19 Lúnasa 2019 lena ndeonaítear beart coisctheach i bhfoirm coinneála faoi choimeád agus leis an bhfíric go bhfuil próiseas taithíochta ar ábhar na n-imeachtaí coiriúla fós ar bun ag an gcosaint.".

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (CBES) 2020/374 ÓN GCOMHAIRLE

## an 5 Márta 2020

## lena gcuirtear chun feidhme Cinneadh (CBES) 2015/1333 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 31(2) de,

Ag féachaint do Chinneadh (CBES) 2015/1333 ón gComhairle an 31 Iúil 2015 maidir le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa Libia agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2011/137/CBES ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ar an 31 Iúil 2015, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2015/1333.

(2) Ar an 25 Feabhra 2020, rinne Coiste Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, arna bhunú de bhun Rún 1970 (2011) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe, an fhaisnéis a nuashonrú maidir le cúigear atá faoi réir bearta sriantacha.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear leis seo Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Márta 2020.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
T. ĆORIĆ

([1]) IO L 206, 1.8.2015, lch 34.

*IARSCRÍBHINN*

In Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2015/1333, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontrálacha 6, 9, 23, 25 agus 27:

‘6. **Ainm: 1: ABU 2: ZAYD 3: UMAR 4: DORDA**

**Teideal:** níl sé ar fáil **Ainmniú: a)** Stiúrthóir, an Eagraíocht Slándála Seachtraí. **b)** Ceann na gníomhaireachta um fhaisnéis sheachtrach. **Dáta Breithe:** 4 Aibreán 1944 **Áit bhreithe:** Alrhaybat **Ainm bréige láidir:** Dorda Abuzed OE **Ainm bréige lag:** níl sé ar fáil **Náisiúntacht: Uimhir an phas:** Uimhir na Libia FK117RK0, a eisíodh an 25 Samhain 2018, eisithe i dTripilí (Dáta éaga: 24 Samhain 2026) **Uimhir aitheantais náisiúnta:** níl sé ar fáil **Seoladh:** An Libia (Stádas/suíomh measta: ina chónaí san Éigipt) **A liostaíodh an:** 26 Feabhra 2011 (arna leasú an 27 Meitheamh 2014, 1 Aibreán 2016, 25 Feabhra 2020) **Faisnéis eile:** Liostaithe de bhun mhír 15 de rún 1970 (Toirmeasc Taistil). A liostaíodh an 17 Márta 2011 de bhun mhír 17 de rún 1970 (Reo Sócmhainní). Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/notice/search/un/5938451’

‘9. **Ainm: 1: AISHA 2: MUAMMAR MUHAMMED 3: ABU MINYAR 4: QADHAFI**

**Teideal: Ainmniú:Dáta Breithe:** 1 Eanáir 1978 **Áit bhreithe:** Tripilí, an Libia **Ainm bréige láidir:** Aisha Muhammed Abdul Salam (Uimhir an phas sa Libia: 215215) **Ainm bréige lag:** níl sé ar fáil **Náisiúntacht: Uimhir an phas: a)** Uimhir 03824970 Óman; a eisíodh an 4 Bealtaine 2014, eisithe i Muscat, Óman (Dáta éaga: 3 Bealtaine 2024) **b)** An Libia 428720 **c)** B/011641 **Uimhir aitheantais náisiúnta:** 98606612 **Seoladh:** Sabhdánacht Óman (Stádas/suíomh measta: Sabhdánacht Óman) **A liostaíodh an:** 26 Feabhra 2011 (a leasaíodh an 11 Samhain 2016, 26 Meán Fómhair 2014, 21 Márta 2013, 2 Aibreán 2012, 25 Feabhra 2020) **Faisnéis eile:** Liostaithe de bhun mhíreanna 15 agus 17 de rún 1970 (Toirmeasc Taistil, Reo Sócmhainní). Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/notice/search/un/5525815’

‘23. **Ainm: 1: AHMAD 2: OUMAR 3: IMHAMAD 4: AL-FITOURI**

**Teideal: Ainmniú:** Ceannasaí mhílíste Anas al-Dabbashi, Ceannaire líonra gáinneála trasnáisiúnta **Dáta breithe:** 7 Bealtaine 1988 **Áit bhreithe:** (b’fhéidir Sabratha, comharsanacht Talil ) **Ainm bréige láidir: Ainm bréige lag: a)**Al-Dabachi **b)** Al Ammu **c)** An tUncail **d)** Al-Ahwal **e)** Al Dabbashi **Náisiúntacht: Uimhir an phas** sa Libia: Uimhir na Libia LY53FP76; a eisíodh an 29 Meán Fómhair 2015; eisithe i dTripilí **Uimh. aitheantais náisiúnta:** 119880387067 **Seoladh: a)** Garabulli, an Libia **b)** Zawiya, an Libia **c)** Dbabsha-Sabratah **A liostaíodh an:** 7 Meitheamh 2018 (a leasaíodh an 17 Meán Fómhair 2018, 25 Feabhra 2020) **Faisnéis eile:** Liostaithe de bhun mhíreanna 15 agus 17 de rún 1970 (Toirmeasc Taistil, Reo Sócmhainní)

Liostaithe de bhun mhír 22(a) de rún 1970 (2011); mhír 4 (a) de rún 2174 (2014); mhír 11 (a) de rún 2213 (2015). Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: https://www.interpol.int/en/notice/search/un/

**Faisnéis bhreise**

Is ceannasaí mhílíste Anas al-Dabbashi é Ahmad Imamad, a bhíodh ag feidhmiú sa limistéar cósta idir Sabratha agus Melita. Is ceannaire suntasach é Imhamad i ngníomhaíochtaí aindleathacha a bhaineann le gáinneáil ar imircigh. Cothaíonn treibh agus mílíste al-Dabbashi caidreamh freisin le grúpaí sceimhlitheoireachta agus grúpaí antoisceacha foréigneacha. Tá Imhamad gníomhach timpeall ar Zawiya faoi láthair, tar éis caismirtí foréigneacha a briseadh amach le mílístí eile agus le heagraíochtaí smuigleála comhraic mórthimpeall an limistéir cósta i mí Dheireadh Fómhair 2017, rud a d’fhág go bhfuair níos mó ná 30 duine bás, sibhialtaigh ina measc. Mar fhreagairt ar a dhíbirt, gheall Ahmad Imhamad an 4 Nollaig 2017 go poiblí go bhfillfeadh sé ar Sabratha le hairm agus le fórsa. Tá fianaise fhairsing ann go raibh baint dhíreach ag mílíste Imhamad leis an ngáinneáil aindleathach agus smuigleáil imirceach, agus go bhfuil rialú á dhéanamh ag a mhílíste ar limistéir imeachta d’imircigh, ar champaí, ar thithe sábháilte agus ar bháid. Tá faisnéis ann a thacaíonn leis an gconclúid gur Imhamad is cúis le himircigh a bheith i mbaol (mionaoisigh san áireamh) dhálaí brúidiúla agus uaireanta i mbaol chúinsí marfacha ar an talamh agus ar muir. Tar éis caismirtí foréigneacha idir mílíste Imhamad agus mílístí eile i Sabratha, thángthas ar na mílte imirceach (go leor acu go mór i mbaol), agus a bhformhór á gcoinneáil in ionaid Bhriogáid Mhairtírigh Anas al-Dabbashi agus mhílíste al-Ghul. Tá naisc sheanbhunaithe ag treibh al-Dabbashi, agus ag mílíste Anas al-Dabbashi a bhfuil baint aige léi, leis an Stát Ioslamach i Levante (ISIL) agus lena chleamhnaithe.

Tá roinnt oibrithe ISIL tar éis a bheith ina ngrúpaí, lena n-áirítear Abdallah al-Dabbashi, ‘calif’ ISIL in Sabratha. Líomhnaíodh go raibh baint ag Imhamad freisin le heagrú dhúnmharú Sami Khalifa al-Gharabli, a cheap comhairle bhardasach Sabratha chun oibríochtaí smuigleála imirceach a chomhrac i mí Iúil 2017. Cuireann gníomhaíochtaí Imhamad go mór leis an bhforéigean atá ag dul i méid agus leis an míshlándáil in iarthar na Libia agus cuireann siad síocháin agus cobhsaíocht sa Libia agus i dtíortha comharsanachta i mbaol.’

'25. **Ainm: 1: MOHAMMED 2: AL AMIN 3: AL-ARABI 4: KASHLAF**

**Teideal: Ainmniú:** Ceannasaí ar bhriogáid Shuhada al-Nasr, Ceann Gharda Scaglainne Pheitreal Scaglann Zawiya **Dáta breithe:** 2 Nollaig 1985 **Áit bhreithe:** Zawiya, an Libia **Ainm bréige láidir: Ainm bréige lag: a)** Kashlaf **b)** Koshlaf **c)** Keslaf **d)** al-Qasab **Náisiúntacht: Uimhir an phas** sa Libia: C17HLRL3, a eisíodh an 30 Nollaig 2015, eisithe in Zawiya **Uimh. aitheantais náisiúnta:** níl sé ar fáil **Seoladh:** Zawiya, an Libia **A liostaíodh an:** 7 Meitheamh 2018 (a leasaíodh an 17 Meán Fómhair 2018, 25 Feabhra 2020) **Faisnéis eile:** Liostaithe de bhun mhíreanna 15 agus 17 de rún 1970 (Toirmeasc Taistil, Reo Sócmhainní)

Liostaithe de bhun mhír 22(a) de rún 1970 (2011); mhír 4 (a) de rún 2174 (2014); mhír 11 (a) de rún 2213 (2015).

**Faisnéis bhreise**

Tá Mohammed al-Hadi ina cheann ar an mbriogáid Shuhada al Nasr in Zawiya na Libia Thiar. Rialaíonn a mhílíste scaglann Zawiya, mol lárnach d'oibríochtaí smuigleála imirceach. Rialaíonn Al-Hadi ionaid choinneála freisin, lena n-áirítear ionad coinneála Nasr – atá faoi rialú go hainmniúil ag an stiúrthóireacht chun dul i ngleic leis an imirce neamhdhleathach (DCIM). Mar a taifeadadh i bhfoinsí éagsúla, tá líonra al-Hadi ar cheann de na líonraí is mó atá ann i réimse na smuigleála imirceach agus i réimse shaothrú na n-imirceach sa Libia. Tá naisc fhairsinge ag Al-Hadi le ceann an aonaid áitiúil de gharda cósta Zawiya, al-Rahman al-Milad, a ndéanann a aonad báid a idircheapadh le himircigh, ar báid iad a mbaineann le líonraí comhraice smuigleála imirceach eile go minic. Tugtar na himircigh chuig saoráidí coinneála ansin faoi smacht mhílíste Al Nasr, áit a dtuairiscítear go gcoinnítear iad i ndálaí criticiúla. Bhailigh an Painéal Saineolaithe maidir leis an Libia fianaise ar imircigh a bualadh go minic, agus díoladh daoine eile, go háirithe mná ó thíortha fo-Shaháracha agus ó Mharacó, ar an margadh áitiúil mar 'sclábhaithe gnéis'. Feictear don Phainéal freisin go gcomhoibríonn al-Hadi le grúpaí armtha eile agus go raibh baint aige le caismirtí foréigneacha arís agus arís eile in 2016 agus in 2017.'

'27. **Ainm: 1: IBRAHIM 2: SAEED 3: SALIM 4: JADHRAN**

**Teideal: Ainmniú:** Ceannaire mílístí armtha **Dáta breithe:** 29 Deireadh Fómhair 1982 **Áit bhreithe: Ainm bréige láidir:** Ibrahim Saeed Salem Awad Aissa Hamed Dawoud Al Jadhran **Ainm bréige lag: Náisiúntacht: Uimhir an phas** sa Libia: S/263963; a eisíodh an 8 Samhain 2012 **Uimh. aitheantais náisiúnta: a)** 119820043341 **b)** Uimh. aitheantais phearsanta: 137803 **Seoladh:** níl sé ar fáil **A liostaíodh an:** 11 Meán Fómhair 2018 (a leasaíodh an 25 Feabhra 2020) **Faisnéis eile:** Ainm na máthar Salma Abdula Younis. Liostaithe de bhun mhíreanna 15 agus 17 de rún 1970 (Toirmeasc Taistil, Reo Sócmhainní). Nasc gréasáin chuig Fógra Speisialta INTERPOL-Comhairle Slándála na Náisiún Aontaithe: www.interpol.int/en/notice/search/un/xxxx.

Liostaithe de bhun mhíreanna 11 (b), 11 (c) agus 11 (d) de rún 2213 (2015); mhír 11 de rún 2362 (2017).

**Faisnéis bhreise**

— Tá barántas gabhála eisithe ag Oifig Ard-Aighne na Libia i gcoinne an duine lena mbaineann á chur ina leith go ndearnadh roinnt coireanna.

— Rinne an duine lena mbaineann gníomhaíochtaí armtha agus ionsaithe i gcoinne suiteálacha ola atá suite i réigiún Chorrán na hOla, a ba chúis lena scrios, a raibh an ceann is déanaí acu an 14 Meitheamh 2018.

— Bhí líon na ngortuithe an-ard i measc áitritheoirí an réigiúin de bharr na n-ionsaithe a rinneadh ar réigiún Chorrán na hOla agus cuireadh beatha na sibhialtach i mbaol.

— Chuir na hionsaithe stad treallach le honnmhairithe ola na Libia ó 2013 go 2018, rud a d'fhág go raibh caillteanais shuntasacha ann do gheilleagar na Libia.

— Rinne an duine lena mbaineann iarracht ola a onnmhairiú go neamhdhleathach.

— Earcaíonn an duine lena mbaineann trodaithe eachtracha do na hionsaithe a rinne sé arís agus arís eile in aghaidh réigiún Chorrán na hOla.

— Tá an duine lena mbaineann, trína ghníomhaíochtaí, ag obair i gcoinne chobhsaíocht na Libia, agus is bac é ar pháirtithe na Libia chun an ghéarchéim pholaitiúil a réiteach agus Plean Gníomhaíochta na Náisiún Aontaithe a chur chun feidhme.'

# CEARTÚCHÁN

## Ceartúchán ar Rialachán (AE) 2019/1795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2019 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2019/501 agus (AE) 2019/50 a mhéid a bhaineann lena dtréimhsí cur i bhfeidhm

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 279I an 31 Deireadh Fómhair 2019)*

*(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge an 31 Deireadh Fómhair 2019)*

Ar leathanach 1, an brollach:

*in ionad:* "Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (*),

(*) Tuairim an 25 Meán Fómhair 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).",

*léitear:* "Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (*),

(*) Tuairim an 25 Meán Fómhair 2019 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).".

Ar leathanach 2, in Aithris (6):

*in ionad:* "(6) Is gá a áirithiú gur féidir, go ceann na tréimhse céanna 6 mhí sin a bhí ceaptha a bheith ann i dtús báire, paisinéirí a bhailiú agus a scaoileadh amach i réigiún teorann na hÉireann le linn seirbhísí idirnáisiúnta rialta agus seirbhísí idirnáisiúnta rialta speisialta iompair paisinéirí idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann.[...]",

*léitear:* "(6) Is gá a áirithiú gur féidir, go ceann na tréimhse céanna 6 mhí sin a bhí ceaptha a bheith ann i dtús báire, paisinéirí a bhailiú agus a scaoileadh amach i réigiún teorann na hÉireann le linn seirbhísí idirnáisiúnta rialta agus seirbhísí idirnáisiúnta rialta speisialta iompair paisinéirí idir Éire agus Tuaisceart Éireann.[...]".

Ar leathanach 2, in Aithris (7):

*in ionad:* "(7) Chun leanúnachas a áirithiú i dtaca le bailiú agus scaoileadh amach paisinéirí i réigiún teorann na hÉireann le linn seirbhísí idirnáisiúnta rialta agus seirbhísí idirnáisiúnta rialta speisialta iompair paisinéirí idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann, ba cheart coigeartú a dhéanamh freisin ar bhailíocht na n-údaruithe d'oibreoirí seirbhísí bus agus cóiste sa Ríocht Aontaithe dá dtagraítear in Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/501 ionas go mbeadh an bhailíocht de réir an dáta nua a scoirfidh an Rialachán sin d'fheidhm a bheith aige.",

*léitear:* "(7) Chun leanúnachas a áirithiú i dtaca le bailiú agus scaoileadh amach paisinéirí i réigiún teorann na hÉireann le linn seirbhísí idirnáisiúnta rialta agus seirbhísí idirnáisiúnta rialta speisialta iompair paisinéirí idir Éire agus Tuaisceart Éireann, ba cheart coigeartú a dhéanamh freisin ar bhailíocht na n-údaruithe d'oibreoirí seirbhísí bus agus cóiste sa Ríocht Aontaithe dá dtagraítear in Airteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/501 ionas go mbeadh an bhailíocht de réir an dáta nua a scoirfidh an Rialachán sin d'fheidhm a bheith aige.".

Ar leathanach 2, in Airteagal 1(1):

*in ionad:* “Leasaítear Rialachán (AE) 2019/501 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3)(d):

‘(d) bailiú agus scaoileadh amach paisinéirí i réigiún teorann na hÉireann le linn seirbhísí idirnáisiúnta rialta agus seirbhísí idirnáisiúnta rialta speisialta idir Éirinn agus Tuaisceart Éireann, ar feadh tréimhse sé mhí dar tosach dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo mar a leagtar amach sa dara mír d’Airteagal 12;’ ”,

*léitear:* “Leasaítear Rialachán (AE) 2019/501 mar a leanas:

(1) in Airteagal 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (3)(d):

‘(d) bailiú agus scaoileadh amach paisinéirí i réigiún teorann na hÉireann le linn seirbhísí idirnáisiúnta rialta agus seirbhísí idirnáisiúnta rialta speisialta idir Éire agus Tuaisceart Éireann, ar feadh tréimhse sé mhí dar tosach dáta cur i bhfeidhm an Rialacháin seo mar a leagtar amach sa dara mír d’Airteagal 12;’ ”.

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

**Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh**
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA